



**Comhad Idirinstiúideach:
2019/0206(NLE)**

**TRANS 191
EU-GNSS 15
MAR 78
AVIATION 57
ESPACE 36
RELEX 414
CSC 130
NIS 12
COREE 3**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	5258/19 6738/19 6756/19
Ábhar:	<p>Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Cróite agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (leagan Gaeilge)</p> <ul style="list-style-type: none">• Glacadh

1. An 18 Márta 2019, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Cróite agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (féach 6738/19 agus 6756/19).

2. Tá an leagan Gaeilge den chinneadh thuasluaite, nár táirgeadh sular glacadh é, ar fáil anois.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, d'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-iarrfaí ar an gComhairle an leagan Gaeilge den chinneadh a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo, mar a thug na saineolaithe dlí agus teanga i gcrích é agus mar a leagtar amach in 6738/19 é.
